C/2026/550

26.1.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12169 — OEP / BARTEC)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/550)

1. An 19 Eanáir 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle agus tar éis tarchur de bhun Airteagal 4(5) den Rialachán sin ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— OEP Capital Advisors, LP ('OEP', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— BARTEC Top Holding GmbH ('BARTEC', an Ghearmáin), atá faoi rialú Safety Lux Sàrl (Lucsamburg).

Gheobhaidh OEP rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Bartec ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh é OEP,

— Is cuideachta sealbhaíochta de ghrúpa innealtóireachta agus monaraíochta é Bartec a dhíríonn ar phunann táirgí éagsúil de threalamh pléascdhíonach agus réitigh cosanta pearsanra. Cuireann Bartec réitigh ar fáil freisin le haghaidh oibriú móibíleach, nascacht gan sreang, monarchana cliste, téamh rianta lándéanta, anailís agus tomhas, soilsiú agus bonneagar leictreach, dáileadh fuinnimh, uathoibriú agus rialú meaisín agus iompar de bhóthar le haghaidh limistéir ghuaiseacha.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12169 — OEP / BARTEC

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË